**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☛ [ ]

Iomlán Na Marcanna [ ]

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2001

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

### GNÁTHLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE, 15 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.00***

**Iomlán na Marcanna 240**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| Don scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| Roinn A (Iomlán) | |
| | |
| Roinn B 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN ➡ | |
| GRÁD ➡ | |

**TREORACHA**

1. **Roinn A - 80 marc.**
   Freagair 16 (sé cinn déag) de na ceisteanna ó Roinn A; tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. **Roinn B - 160 marc.**
   Freagair 4 (ceithre) ceist ó Roinn B; tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

3. ***Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.***

4. Ní mór an freagarleabhar comhlánaithe a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.



THALL→

# ROINN A

## 80 marc

**Freagair 16 (sé cinn déag) de na ceisteanna seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Cad a chiallaíonn **aiste *bia cothromaithe?*** ______________________________

______________________________________________

______________________________________________

**2.** Ticeáil [✓] **ceithre** bhia atá liostaithe thíos ar foinsí maithe cailciam iad.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rís | ☐ | cabáiste | ☐ |
| Sairdíní | ☐ | mairteoil | ☐ |
| Iógart | ☐ | oráistí | ☐ |
| Prátaí | ☐ | bainne | ☐ |

**3.** Ainmnigh maisiú éagsúil a bheadh oiriúnach do **gach ceann** de na bianna seo a leanas.

| **BIA** | **MAISIÚ** |
|---|---|
| **(i)** Iasc griollta | **(i)** |
| **(ii)** Pióg an aoire | **(ii)** |

**4.** Liostaigh **ceithre** riail ba chóir a leanúint agus bia á stóráil agat.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**5.** Tabhair **dhá** chúis a riartar anlann le bia.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

6. Mol modh cócarála atá oiriúnach do **gach ceann** de na bianna seo a leanas:

| BIA | MODH CÓCARÁLA |
|---|---|
| (i) gríscín muiceola | (i) |
| (ii) pasta | (ii) |
| (iii) sicín iomlán | (iii) |
| (iv) arán donn | (iv) |
| (v) úlla | (v) |

7. Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le fógraíocht.

**Buntáiste**________________________________________

__________________________________________________

**Míbhuntáiste** ______________________________________

__________________________________________________

8. Cuir in iúl le tic [✓] cé acu fíor **nó** bréagach atá **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.


| | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|
| (i) Ciallaíonn ceannach ar cairde *'ceannaigh anois, íoc níos déanaí'*. | | |
| (ii) Is éard is buiséad ann ná plean le hairgead a chaitheamh agus a choigilt. | | |
| (iii) Is éard is ioncam iomlán ann ná an pá a thugtar abhaile tar éis asbhaintí. | | |

9. Cén t-eolas a thugann an tsiombail seo don tomhaltóir?

____________________________________

____________________________________

____________________________________



10. Ainmnigh athrú fisiceach **amháin** a thagann ar bhuachaillí agus athrú fisiceach **amháin** a thagann ar chailíní le linn caithreachais.

**Buachaillí**________________________________________

**Cailíní**__________________________________________

**11.** Liostaigh **trí** bhealach atá ag an duine chun an baol a bhaineann le galar croí a laghdú.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**12.** Ticeáil [✓] an freagra ceart.

Is éard is toirchiú ann ná

**(i)** ubh a scaoileadh as ubhagán. ☐

**(ii)** nuair a chomhcheanglaíonn an speirm leis an ubh. ☐

**(iii)** dianscaoileadh líneáil na broinne. ☐

**13.** Cén fáth a gcuirtear clóirín sa soláthar poiblí uisce? ______________________________

______________________________

______________________________

**14.** Tabhair **dhá** shampla de threalamh sábháilteachta dóiteáin a mholfá don teach.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

**15.** Déan cur síos ar an gcóireáil gharchabhrach a bheadh oiriúnach do ghearradh mion. ________

______________________________

______________________________

**16.** Liostaigh **cúig** rud a gheobhfá i mbosca fuála.


**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(v)** ______________________________



**17.** Taispeáin le [✓] cé acu nádúrtha **nó** saorga atá **gach ceann** de na fabraicí seo a leanas.

| FABRAICÍ | NÁDÚRTHA | SAORGA |
|---|---|---|
| Cadás | | |
| Poileistear | | |
| Olann | | |
| Lycra | | |
| Síoda | | |

**18.** Cén t-eolas a thugann an tsiombail seo don tomhaltóir?



______________________________


______________________________


______________________________

**19.** Cuir in iúl le [✓] cé acu fíor **nó** bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

| | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|
| (i) Is sampla d'fhabraic fhite é bréidín. | | |
| (ii) Tréigeann fabraic bhuandathach nuair a nitear í. | | |
| (iii) Ní fabraic ionsúiteach é éadach tuáillí. | | |

**20.** Ainmnigh an **dá** ghreim bhróidnéireachta atá léirithe thíos.





**(i)** ______________________ **(ii)** ______________________

## ROINN B
## 160 marc

**Freagair ceithre cheist ón roinn seo.**

**1.** Molann treoirlínte reatha maidir leis an aiste bia dúinn gur cheart go mbeadh níos mó torthaí a bheith againn inár n-aiste bia laethúil.

**(a)** Tabhair **trí** chúis faoi go bhfuil tábhacht ag baint le torthaí san aiste bia.

(i) ______

(ii) ______

(iii) ______

**(b)** Mol **ceithre** bhealach le go mbeadh torthaí san áireamh san aiste bia.

(i) ______

(ii) ______

(iii) ______

(iv) ______

**(c)** Tabhair buntáiste **amháin** a bhaineann le torthaí a cheannach ***'ina séasúr féin'***.

**Buntáiste** ______

______

**(d)** Déan cur síos ar an gcaoi a n-ullmhófá **gach ceann** de na torthaí seo a leanas:

(i) úlla i gcomhair toirtín úll ______

______

(ii) líomóid atá le grátáil ______

______

(iii) fíonchaora i gcomhair sailéid torthaí úra ______

______

(iv) péitseog le hithe ______

______

2. (a) Liostaigh **ceithre** mhír eolais atá léirithe ar an mbosca uibheacha seo.

(i) ______________________

(ii) ______________________

(iii) ______________________

(iv) ______________________

(b) Cad a chiallaíonn *uibheacha saor-raoín ?*

______________________________________________

______________________________________________

(c) Tabhair **trí** chúis faoi go mbeadh sé go maith agus áisiúl go mbeadh uibheacha san aiste bia.

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

(iii) ______________________________________________

(d) Beartaigh biachlár bricfeasta cothrom do pháiste scoile agus mias uibheacha mar chuid den bhiachlár.

| BIACHLÁR BRICFEASTA |
| --- |
| ______________________ |
| ______________________ |
| ______________________ |
| ______________________ |

(e) Ainmnigh na hearraí bia atá sa **bhiachlár** atá beartaithe agat agus a bhfuil baint acu le ceann éigin de na bia-ghrúpaí seo a leanas.

| BIA-GHRÚPAÍ | EARRAÍ BIA |
| --- | --- |
| Grúpa Próitéiní | |
| Grúpa Torthaí/Glasraí | |
| Grúpa Bainne | |
| Grúpa Gránach/Áráin | |

**3.** **(a)** Cad is tomhaltóir ann?

**(b)** Liostaigh **tri** threoirlíne ba chóir do thomhaltóirí a leanúint agus iad ag siopadóireacht.

(i)

**(ii)**

**(iii)**

**(c)** Is sampla de bharrachód é seo a fhaightear ar go leor táirgí.

010029 020021

Cén fáth a n-úsáidtear barrachóid?

**(d)** Liostaigh **trí** mhír eolais a mbeifeá ag súil lena bhfeiceáil ar admháil.

(i)

**(ii)**

**(iii)**

**(e)** Mínigh an téarma *'ceannach ar an mórchóir'*.


**4.** **(a)** Ainmnigh na codanna den chraiceann atá lipéadaithe le 1, 2, 3 agus 4.

1. ________________________

2. ________________________

3. ________________________

4. ________________________




**(b)** Tabhair **trí** fheidhm atá ag an gcraiceann.

**(i)** ________________________

**(ii)** ________________________

**(iii)** ________________________

**(c)** Cad is cúis le boladh coirp?

________________________

________________________

**(d)** Liostaigh **<u>cúig</u>** threoirlíne ba cheart duit a leanúint chun sláinteachas pearsanta maith a chinntiú.

**(i)** ________________________

**(ii)** ________________________

**(iii)** ________________________

**(iv)** ________________________

**(v)** ________________________

**5.** Tá do theaghlach tar éis bogadh go dtí teach nua agus is gá cócaireán nua a cheannach.

**(a)** Cén sórt cócaireáin a mholfá?

**(b)** Liostaigh na pointí ba chóir a bheith mar threoir agat agus an cócaireán á roghnú agat.

**(c)** Mol roinnt bealaí chun fuinneamh a shábháil nuair a bhíonn an cócaireán á úsáid agat.

**(d)** Déan cur síos ar an gcaoi a nglanfá an cócaireán.

**(e)** Cén fáth a mbíonn dea-aeráil riachtanach nuair a bhíonn cócaráil ar siúl?

6. **(a)** Mol **trí** úsáid a bhaintear as teicstílí sa teach.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(b)** Liostaigh **trí** phointe ba chóir a chur san áireamh agus fabraicí le haghaidh earra tí á roghnú agat.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(c)** Sceitseáil agus déan cur síos ar earra tí atá déanta agat mar chuid de Staidéar Teicstílí.

**Cur Síos** ____________________

**Sceitse**

**(d)** Ainmnigh an fhabraic / na fabraicí a d'úsáid tú chun an t-earra sin a dhéanamh.

____________________

**(e)** Sceitseáil lipéad cúraim a bheadh oiriúnach don earra a rinne tú.

**Lipéad Cúraim**